Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 23 Meitheamh 2023
(OR. en)**

**11050/23**

**Comhad Idirinstitiúideach:
2023/0190(NLE)**

**FISC 141
ECOFIN 643**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 23 Meitheamh 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 329 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena n-údaraítear don Rómáin beart speisialta a thabhairt isteach de mhaolú ar Airteagail 218 agus 232 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 329 final.

---

Faoi iamh: COM(2023) 329 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 23.6.2023
COM(2023) 329 final

2023/0190 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

## lena n-údaraítear don Rómáin beart speisialta a thabhairt isteach de mhaolú ar Airteagail 218 agus 232 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

De bhun Airteagal 395(1) de Threoir 2006/112/CE an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha[1] (dá ngairtear 'an Treoir maidir le CBL' anseo feasta), féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil ar thogra ón gCoimisiún, údarú a thabhairt d'aon Bhallstát bearta speisialta a chur i bhfeidhm de mhaolú ar fhorálacha na Treorach sin, chun an nós imeachta um bailiú CBL a shimpliú nó chun cineálacha áirithe imghabhála nó seachanta cánach a chosc.

Le litir a cláraíodh leis an gCoimisiún an 14 Eanáir 2022, d'iarr an Rómáin údarú chun maolú ar Airteagail 178, 218 agus 232 den Treoir maidir le CBL le bheith in ann ríomhshonrascadh sainordaitheach a fhorchur le haghaidh idirbhirt idir daoine inchánach.

Ina theannta sin, le litir a cláraíodh leis an gCoimisiún an 30 Meán Fómhair 2022, rinne an Rómáin modhnú ar a hiarraidh. Dá réir sin, dheimhnigh an Rómáin go n-iarrann sí an t-údarú maidir leis an maolú ar Airteagail 218 agus 232 den Treoir maidir le CBL, agus ar na hAirteagail sin amháin agus shonraigh sí go gcuirfear teacht i bhfeidhm an bhirt ar atráth go dtí an 1 Eanáir 2024, seachas an 1 Iúil 2022, arbh é an dáta a iarradh ar dtús é.

I gcomhréir le hAirteagal 395(2) den Treoir maidir le CBL, chuir an Coimisiún na Ballstáit eile ar an eolas le litir dar dáta an 8 Nollaig 2022 maidir leis an iarraidh a rinne an Rómáin. Le litir dar dáta an 9 Nollaig 2022, chuir an Coimisiún in iúl don Rómáin go raibh an fhaisnéis riachtanach ar fad aige chun breithniú a dhéanamh ar an iarraidh.

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Chuir an Rómáin iarraidh isteach ar mhaolú, bunaithe ar Airteagal 395 den Treoir maidir le CBL, a bheadh údaraithe chun oibleagáid a chur chun feidhme maidir le ríomhshonraisc a eisiúint le haghaidh idirbhirt idir daoine inchánach atá bunaithe sa Rómáin. Dar leis an Rómáin, is iad na príomhchuspóirí atá leis an gcóras ríomhshonrasctha shainordaithigh calaois chánach agus imghabháil cánach a chomhrac, bailiú a dhéanamh níos éifeachtúla, go háirithe i réimse CBL, iomaíochas oibreoirí eacnamaíocha a fheabhsú agus costais riaracháin a laghdú le haghaidh cáiníocóirí agus an riaracháin cánach araon.

Déanfar an fhaisnéis sna sonraisc a thuairisciú don riarachán cánach, agus dá bhrí sin gheobhaidh sé na sonraí sin i bhfíor-am. Leis sin, beidh an riarachán cánach in ann fíorú tráthúil uathoibríoch a dhéanamh ar an gcomhsheasmhacht idir an CBL a dearbhaíodh agus an CBL a íocadh agus idir na sonraisc a eisíodh agus a fuarthas. Cuideoidh an fhéidearthacht sin leis an Rómáin éifeachtúlacht agus éifeachtacht an chomhraic in aghaidh chalaois agus imghabháil CBL a mhéadú.

I ndáil leis sin, thaifead an Rómáin bearna ard CBL go seasta le blianta beaga anuas. Léirítear sa tuarascáil is déanaí a d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach bearna CBL 35,7 % le haghaidh 2020. Dar leis an Rómáin, léiríonn an staid sin fadhb struchtúrach, a mbeidh gá le gníomhaíocht phráinneach mharthanach ina leith, agus cur chun feidhme na n-athchóirithe riachtanacha.

Le tabhairt isteach ríomhshonrasctha shainordaithigh agus tuairisciú sonraí sonraisc bainfear amach comhlíontacht níos fearr i measc na gcáiníocóirí chomh maith le héifeacht dhíspreagthach maidir le hiarracht ar chalaois. Is éard a bheidh i gceist leis an gcóras atá beartaithe, mar shampla, go mbeidh rannpháirtithe sa 'chalaois rothlach' le feiceáil ag an

[1] IO L 347, 11.12.2006, lch. 1.

riarachán cánach ón tús. Faoi láthair, tá sé deacair rannpháirtithe sa chalaois rothlach a shainaithint toisc nach gcuireann siad tuairisceáin CBL agus/nó tuairisceáin eile isteach. Uirlis chumhachtach a bheidh sa ríomhshonrascadh ginearálaithe chun rianú fíor-ama a dhéanamh ar an slabhra calaoiseach, rud a chuirfidh ar a gcumas don údarás fioscach gníomhú láithreach chun trádálaithe atá rannpháirteach sa chalaois sin a shainaithint agus a stopadh.

Rachaidh tabhairt isteach an ríomhshonrasctha shainordaithigh le haghaidh idirbhearta idir daoine inchánach chun tairbhe d'oibreoirí eacnamaíocha freisin tríd an digitiú agus tríd an ualach riaracháin a laghdú, agus an tráth céanna áiritheofar timpeallacht chothrom iomaíoch idir cuideachtaí. Is iad íocaíochtaí níos tapúla, coigilt maidir le costais tarchuir, próiseáil thapa agus shaor sonraí sonraisc agus costais laghdaithe maidir le cartlannú roinnt de na buntáistí d'oibreoirí eacnamaíocha a bhaineann le leis an ríomhshonrascadh a chur chun feidhme.

Le hAirteagal 218 den Treoir maidir le CBL, déantar foráil maidir le hoibleagáid ar na Ballstáit glacadh le gach doiciméad nó teachtaireacht i bhfoirm páipéir nó i bhfoirm leictreonach araon mar shonraisc. Dá bhrí sin, ba mhaith leis an Rómáin maolú a fháil ar an Airteagal thuasluaite den Treoir maidir le CBL chun nach féidir le riarachán cánach na Rómáine ach doiciméid i bhfoirm leictreonach a mheas mar shonraisc.

Ceanglaítear le hAirteagal 232 den Treoir maidir le CBL go mbeidh úsáid ríomhshonrasc faoi réir ghlacadh an fhaighteora. Dá bhrí sin, chun oibleagáid maidir le ríomhshonrascadh a thabhairt isteach sa Rómáin, tá gá le maolú ar an Airteagal sin ionas nach mbeidh ar an eisitheoir toiliú an fhaighteora a fháil a thuilleadh chun sonrasc a sheoladh i bhformáid gan pháipéar.

I réimse an ríomhshonrasctha, rinne an Rómáin Treoir 2014/55/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le ríomhshonrascadh sa soláthar poiblí[2] a thrasuí sa dlí náisiúnta, agus dá réir sin tugadh isteach oibleagáid d'údaráis phoiblí glacadh le ríomhshonraisc arna seoladh ag a soláthraithe. Chun idir-inoibritheacht na gcóras ríomhshonrasctha a úsáidtear san Aontas Eorpach a áirithiú, ag tosú le hearnáil an tsoláthair phoiblí, ba cheart ríomhshonraisc a bheith i gcomhréir leis na caighdeáin chomhchoiteanna a shainaithnítear in CEN (an Coiste Eorpach um Chaighdeánú) leis an gcaighdeán Eorpach maidir le ríomhshonrascadh EN 16931.

I mí na Samhna 2021, chuir an Rómáin an córas ríomhshonrasctha náisiúnta *RO e-Invoice* i bhfeidhm, córas a chruthaigh, a d'fhorbair agus a bhainistíonn an Aireacht Airgeadais tríd an Lárionad Náisiúnta um Fhaisnéis Airgeadais. Dar leis an Rómáin, tá an córas sin go hiomlán comhoiriúnach leis an gcaighdeán Eorpach maidir le ríomhshonrascadh, agus tá sé deartha agus forbartha lena úsáid le haghaidh ríomhshonrascadh sa soláthar poiblí (idir gnólachtaí agus rialtais) agus in idirbhearta idir daoine inchánach (gnólacht le gnólacht) araon, dá roghnódh oibreoirí eacnamaíocha déanamh amhlaidh.

Chun sonraisc a chur isteach tríd an gcóras *RO e-Invoice*, sna caidrimh idir gnólachtaí agus rialtais agus sna caidrimh gnólacht le gnólacht araon, ní mór do dhaoine inchánach iad féin a fhíordheimhniú tríd an deimhniú digiteach cáilithe a úsáid. Úsáidtear an deimhniú sin freisin chun dearbhuithe cánach éagsúla a chur isteach.

Úsáidfear an córas *RO e-Invoice* mar bhonn do chur chun feidhme an chórais ríomhshonrasctha shainordaithigh le haghaidh idirbhearta idir daoine inchánach.

Beidh úsáid an chórais *RO e-Invoice* roghnach i gcónaí d'oibreoirí eacnamaíocha neamhbhunaithe.

[2] IO L 133, 6.5.2014, lch. 1.

I bhfianaise raon feidhme leathan an mhaolaithe, tá sé tábhachtach a thionchar ar dhaoine inchánach a mheas agus, go sonrach, a mheas ar rannchuidigh sé le calaois agus imghabháil CBL a chomhrac. Más mian leis an Rómáin fad a chur leis an mbeart maolaitheach, iarrtar uirthi tuarascáil a sholáthar maidir le feidhmiú an bhirt in éineacht leis an iarraidh ar fhadú. Ba cheart measúnú a sholáthar sa tuarascáil sin ar a éifeachtaí atá an beart ó thaobh calaois agus imghabháil CBL a chomhrac agus bailiú cánach a shimpliú. Ba cheart meastóireacht a bheith sa tuarascáil sin freisin ar thionchar an bhirt ar dhaoine inchánach agus go háirithe a mhéid a bhaineann leis an méadú ar a n-ualach riaracháin agus ar a gcostais chomhlíontachta.

Tá sé beartaithe an maolú a údarú ón 1 Eanáir 2024 go dtí an 31 Nollaig 2026 nó go dtí an dáta óna mbeidh ar na Ballstáit aon fhorálacha náisiúnta a chur i bhfeidhm a cheanglaítear orthu a ghlacadh i gcás ina nglacfar treoir lena leasaítear Treoir 2006/112/CE a mhéid a bhaineann le rialacha CBL don ré dhigiteach, go háirithe Airteagail 218 agus 232 den Treoir sin, cibé acu is túisce.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Le hAirteagal 218 den Treoir maidir le CBL, cuirtear sonraisc pháipéir agus ríomhshonraisc ar comhchéim trí fhoráil a dhéanamh go nglacfaidh na Ballstáit le doiciméid nó le teachtaireachtaí ar pháipéar nó i bhfoirm leictreonach mar shonraisc. De réir Airteagal 232 den Treoir maidir le CBL, beidh úsáid ríomhshonraisc faoi réir ghlacadh an fhaighteora. Go deimhin, bheadh an ríomhshonrascadh sainordaitheach atá beartaithe ag an Rómáin ina mhaolú ar an dá fhoráil sin.

Is féidir an maolú a údarú bunaithe ar Airteagal 395 den Treoir maidir le CBL chun an nós imeachta um bhailiú CBL a shimpliú nó chun cineálacha áirithe imghabhála cánach nó seachanta cánach a chosc. D'iarr an Rómáin an beart maolaitheach agus é de phríomhaidhm aige calaois chánach agus imghabháil cánach a chomhrac. Ar bhonn na ngnéithe a sholáthair an Rómáin, tá an maolú comhsheasmhach leis na forálacha beartais atá ann cheana.

Rinneadh údaruithe comhchosúla lena gceadaítear don Iodáil, don Fhrainc agus don Pholainn maolú ar Airteagail 218 agus 232 den Treoir maidir le CBL chun ríomhshonrascadh sainordaitheach a chur chun feidhme a dheonú le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2251 ón gComhairle[3], Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/133 ón gComhairle[4] agus Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1003 ón gComhairle[5].

In 2020, ghlac an Coimisiún an '*Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle: Plean Gníomhaíochta maidir le cánachas cothrom simplí a thacaíonn leis an straitéis téarnaimh*'[6]. Is é ceann de na gníomhaíochtaí atá beartaithe sa phlean gníomhaíochta sin go nglacfaidh an Coimisiún togra reachtach arb é is aidhm dó oibleagáidí maidir le tuairisciú CBL a nuachóiriú. Mar a léirítear sa Phlean Gníomhaíochta, ba cheart don togra sin, i measc nithe eile, cuidiú le cuíchóiriú a dhéanamh ar na sásraí tuairiscithe is féidir a chur i bhfeidhm maidir le hidirbhearta intíre. Déanfar scrúdú freisin ar an ngá ríomhshonrascadh a leathnú a thuilleadh sa chomhthéacs sin.

Mar thoradh ar an bPlean Gníomhaíochta sin, an 8 Nollaig 2022, ghlac an Coimisiún togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2006/112/CE a mhéid a bhaineann le rialacha CBL don ré dhigiteach[7]. Leis an Treoir sin, leasófar Airteagal 218 agus sriosfar

---

3 IO L 454, 17.12.2021, lch. 1.
4 IO L 20, 31.1.2022, lch. 272.
5 IO L 168, 27.6.2022, lch. 81.
6 https://taxation-customs.ec.europa.eu/system/files/2020-07/2020_tax_package_tax_action_plan_en.pdf
7 COM/2022/701 final.

Airteagal 232 den Treoir maidir le CBL. Leis an athchóiriú sin, a luaithe a ghlacfar é, beidh na Ballstáit in ann ríomhshonrascadh sainordaitheach a chur chun feidhme, rud a chuirfidh deireadh leis an ngá maoluithe breise a iarraidh ón Treoir maidir le CBL chun na córais sin a chur chun feidhme. Ar an gcúis sin, a luaithe a dhéanfadh na Ballstáit an togra sin le haghaidh Treorach a thrasuí, ní bheadh aon éifeacht úsáideach ag an gCinneadh seo ón gComhairle a thuilleadh. Ceanglófar leis an Treoir go gceadóidh na Ballstáit a fhorchuireann an oibleagáid sin ríomhshonraisc a eisiúint, ar ríomhshonraisc iad a chomhlíonann an caighdeán Eorpach i ndáil le ríomhshonrascadh agus liosta a chomhréireanna de bhun Threoir 2014/55/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. Ina theannta sin, ní féidir eisiúint ríomhshonrasc a dhéanann daoine inchánach ná a dtarchur a bheith faoi réir údarú sainordaitheach roimh ré ná fíorú an údaráis fhioscaigh, gan dochar do na bearta speisialta a údaraítear faoi Airteagal 395 agus a bheidh curtha chun feidhme cheana féin an tráth a thiocfaidh an Treoir i bhfeidhm.

Ainneoin go bhfuil an córas náisiúnta *RO e-Invoice* go hiomlán comhoiriúnach leis an gcaighdeán Eorpach maidir le ríomhshonrascadh dar leis an Rómáin, tá sé ar intinn aici a cheangal, ag an gcéad chéim, go ndéanfar ríomhshonrascadh go sainordaitheach trí chóras a bhainisteoidh an riarachán cánach. Dá bhrí sin, beidh ar sholáthraithe ríomhshonraisc a sheoladh chuig a gcustaiméirí tríd an gcóras sin.

Leis sin tabharfar le tuiscint go seiceálfaidh an córas *RO e-Invoice* gach ríomhshonrasc go huathoibríoch. Leis an gcóras déanfar seiceálacha séimeantacha agus bailíochtú séimeantach ar an struchtúr agus ar an gcomhréir. Fíorófar leis freisin barántúlacht an tionscnaimh maidir le céannacht an eisitheora. Nuair a bheidh na hoibríochtaí sin déanta, gintear teachtaireacht freagartha uathoibríoch. Mura n-aithnítear aon earráid, cuirtear ríomhshéala na hAireachta Airgeadais i bhfeidhm, rud a dheimhníonn go bhfuarthas an ríomhshonrasc sa chóras *RO e-Invoice*. Is ansin amháin a chuirfear an ríomhshonrasc ar fáil don eisitheoir agus don fhaighteoir lena íoslódáil.

Ós rud é nach ndéanfar réamhúdarú sainordaitheach ná réamhfhíorú an údaráis fhioscaigh a ailíniú leis an gcóras a bheidh ann amach anseo atá beartaithe sa Togra maidir le rialacha CBL don aois dhigiteach ón 1 Eanáir 2028, tabharfaidh an Rómáin isteach na hoiriúnuithe is gá ar a córas chun ligean do dhaoine inchánach, ón 1 Eanáir 2026 ar aghaidh, na sonraí is gá a sheoladh ar mhodhanna eile lasmuigh den chóras *RO e-Invoice*. Dá bhrí sin, ní sainordaitheach a bheidh sé a thuilleadh go beidh na ríomhshonraisc údaraithe ná fíoraithe ag an údarás fioscach.

Dá bhrí sin, tá an maolú a d’iarr an Rómáin ailínithe leis na cuspóirí atá á saothrú ag an gCoimisiún mar a leagtar síos sa Phlean Gníomhaíochta agus sa Togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2006/112/CE a mhéid a bhaineann le rialacha CBL don ré dhigiteach.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

### • Bunús dlí

Airteagal 395 den Treoir maidir le CBL.

### • Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)

I bhfianaise na forála den Treoir maidir le CBL ar a bhfuil an togra bunaithe, ní bhaineann prionsabal na coimhdeachta le hábhar.

- **Comhréireacht**

Tá an togra i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta ar na cúiseanna seo a leanas.

Baineann an Cinneadh le húdarú arna dheonú do Bhallstát ar iarraidh uaidh féin agus níl aon oibleagáid ann.

Beidh roinnt athruithe i gceist le ríomhshonrascadh sainordaitheach do dhaoine inchánach. Mar sin féin, tá cur amach ag cáiníocóirí cheana sa Rómáin ar dhigitiú a gcaidreamh leis an riarachán cánach. Cuirtear isteach tuairisceáin CBL agus tuairisceáin chánach eile trí mheán leictreonach, trí sheirbhís a sholáthraíonn an t-údarás fioscach saor in aisce. Chun an modh dearbhaithe seo a úsáid, tá ríomhshíniú cáilithe ag cáiníocóirí a fhaightear trí dheimhniú digiteach.

Tá an córas náisiúnta le haghaidh ríomhshonrasc, *RO e-Invoice*, ag feidhmiú cheana agus tá an rogha ag oibreoirí eacnamaíocha ríomhshonraisc a chur isteach tríd an gcóras sin, sna caidrimh idir gnólachtaí agus rialtais agus sna caidrimh gnólacht le gnólacht araon. An tráth céanna, chun an tionchar airgeadais a bheidh ag cur chun feidhme sainordaitheach an chórais a íoslaghdú, soláthróidh an t-údarás fioscach feidhmchlár saor in aisce lena mbeifear in ann ríomhshonraisc a ghiniúint.

Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil sé éigeantach cheana sa Rómáin ríomhshonrascadh a úsáid i gcaidrimh idir gnólachtaí agus rialtas tar éis chur chun feidhme Threoir 2014/55/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le ríomhshonrascadh sa soláthar poiblí.

Measann an Rómáin go ndéanfar ionsú, den chuid is mó, ar na hinfheistíochtaí is gá chun córais TF na gcáiníocóirí a oiriúnú, leis an obair ullmhúcháin a dhéantar tríd an tsamhail dheonach ríomhshonrasctha agus na huirlisí a chuirfear ar fáil do na cáiníocóirí chun an oibleagáid a chomhlíonadh, mar aon leis na buntáistí agus na tairbhí a eascraíonn as ríomhshonrascadh a chur chun feidhme.

Tá teorainn ama leis an maolú freisin agus tá tuarascáil maidir le feidhmiú agus éifeachtacht an bhirt le hullmhú ar eagla gur mian leis an Rómáin fad a chur leis an mbeart maolaitheach.

Dá bhrí sin, tá an beart speisialta comhréireach leis an aidhm atá á saothrú, i.e. imghabháil cánach a chomhrac.

- **An rogha ionstraime**

An ionstraim atá beartaithe: Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle.

Faoi Airteagal 395 den Treoir maidir le CBL, ní féidir maolú ar rialacha coiteanna CBL ach i gcás ina n-údaróidh an Chomhairle é sin agus í ag gníomhú d’aon toil ar thogra ón gCoimisiún. Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle, sin í an ionstraim is oiriúnaí ó tharla gur féidir í a dhíriú chuig Ballstát aonair.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Measúnú tionchair**

Beidh tionchar ag an ríomhshonrascadh sainordaitheach ar an riarachán cánach agus ar dhaoine inchánach araon.

Tá cur chun feidhme an ríomhshonrasctha shainordaithigh ar cheann de na bearta a áirítear sa Phlean Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta. Dar leis an Rómáin, laghdóidh sé bearna CBL 5 phointe céatadáin ar a laghad faoin dara ráithe de 2026 i gcomparáid le 2019. Fágfaidh cur chun feidhme an ríomhshonrasctha shainordaithigh go dtiocfaidh méadú ar bhailiú CBL agus cánacha díreacha de RON 7,6 billiún ar a laghad (thart ar EUR 1,5 billiún).

Le cur chun feidhme na dtionscadal digitithe, amhail an córas *RO e-Invoice*, idirnascadh na meaisíní marcála fioscaí, SAF-T, faireachán ar cheannacháin agus ar sheachadtaí agus an córas *RO e-Transport* (faireachán ar an iompar ar an gcríoch náisiúnta), beifear in ann bainistiú riosca a chomhtháthú. Dá thoradh sin, de réir mheastacháin na Rómáine, tiocfaidh méadú 2,5 pointe céatadáin ar a laghad ar OTI faoin gceathrú ráithe de 2025 i gcomparáid leis an leibhéal a baineadh amach in 2019 a bhuí leis an mbailiú breise ioncaim.

An méadú ar ioncam a bhfuil coinne leis a bhailiú ó CBL agus ó chánacha díreacha a bhaineann le cur chun feidhme na mbeart éagsúil athchóirithe riaracháin cánach, beidh RON 10,87 billiún ar a laghad ann, agus RON 5 bhilliún DE SIN a chomhfhreagróidh d’ioncam CBL agus RON 5,87 billiún a chomhfhreagróidh d’ioncam ó chánacha díreacha. Meastar gurb ionann an rannchuidiú a ghintear trí chur chun feidhme an chórais *RO e-Invoice* agus thart ar 70 % den ioncam breise iomlán sin a bailíodh, dá bhrí sin RON 7,6 billiún, ó na foinsí seo a leanas:

Méadú ar chomhlíonadh deonach – RON 0,6 billiún;

Imghabháil cánach agus calaois laistigh den Chomhphobal arna déanamh ag trádálaí atá ar iarraidh a laghdú – RON 1,3 billiún

Barrfheabhsú cánach agus an geilleagar neamhfhoirmiúil a laghdú – RON 1,6 billiún

Éifeachtaí cánacha díreacha a eascraíonn as ath-thoisiú bhonn incháinithe CBL – RON 4,1 billiún

Maidir le daoine inchánach, tabhóidh siad costais a ghintear trí chórais TF agus/nó bogearraí a fháil, mar is dócha nach mbeifí in ann ríomhshonraisc a eisiúint agus a chur isteach sa chóras *RO e-Invoice* leis na córais/bogearraí atá acu faoi láthair. Mar sin féin, d’fhéadfaí an costas sin a laghdú go mór nó a dhíchur fiú trí úsáid a bhaint as na seirbhísí agus na feidhmchláir a chuireann an t-údarás fioscach ar fáil saor in aisce.

Bainfidh oibreoirí eacnamaíocha tairbhe as digitiú a bpróiseas freisin. D’eascródh íocaíochtaí níos tapúla, coigilteas costas tarchuir, próiseáil thapa agus shaor sonraí sonraisc agus costais laghdaithe maidir le cartlannú as an ríomhshonrascadh a chur chun feidhme. Ina theannta sin, mar thoradh ar an gcóras ríomhshonrasctha shainordaithigh a thabhairt isteach, bainfear an oibleagáid atá ann faoi láthair faisnéis faoi sholáthairtí baile a thuairisciú.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ní bheidh aon drochthionchar i gceist leis an mbeart speisialta ar acmhainní dílse an Aontais a fhabhraíonn ó CBL.

2023/0190 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE**

**lena n-údaraítear don Rómáin beart speisialta a thabhairt isteach de mhaolú ar Airteagail 218 agus 232 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha[1], agus go háirithe d'Airteagal 395(1) di,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le litir a cláraíodh leis an gCoimisiún an 14 Eanáir 2022, d'iarr an Rómáin údarú chun beart speisialta a thabhairt isteach de mhaolú ar Airteagail 178, 218 agus 232 de Threoir 2006/112/CE ('an beart speisialta') chun ríomhshonrascadh sainordaitheach a thabhairt isteach le haghaidh na n-idirbheart uile a dhéantar idir daoine inchánach atá bunaithe i gcríoch na Rómáine. Iarradh an t-údarú ar feadh tréimhse ón 1 Iúil 2022 go dtí an 31 Nollaig 2025.

(2) I litir arna clárú leis an gCoimisiún an 30 Meán Fómhair 2022, chuir an Rómáin in iúl don Choimisiún nach bhfuil gá a thuilleadh leis an maolú ar Airteagal 178 de Threoir 2006/112/CE a iarradh. Ina theannta sin, d'iarr an Rómáin go ndeonófaí an t-údarú le haghaidh tréimhse ón 1 Eanáir 2024 go dtí an 31 Nollaig 2026, in ionad na tréimhse a iarradh i dtosach.

(3) I litreacha dar dáta an 8 Nollaig 2022, tharchuir an Coimisiún an iarraidh a rinne an Rómáin chuig na Ballstáit eile. Le litir dar dáta an 9 Nollaig 2022, chuir an Coimisiún in iúl don Rómáin go raibh an fhaisnéis riachtanach ar fad aige chun breithniú a dhéanamh ar an iarraidh.

(4) Ina haighneacht luaigh an Rómáin go mbainfeadh tairbhí leis an ríomhshonrascadh sainordaitheach le haghaidh idirbhearta idir daoine inchánach atá bunaithe sa Rómáin, mar aon leis an oibleagáid na sonraí maidir leis na hidirbhearta sin a thuairisciú don riarachán cánach, maidir le calaois agus imghabháil cánach breisluacha (CBL) a chomhrac. Chuirfeadh sé ar a chumas don riaracháin chánach fíorú tráthúil agus uathoibríoch a dhéanamh ar an gcomhsheasmhacht idir an CBL a dearbhaíodh agus an CBL a íocadh agus idir na sonraisc a eisíodh agus na sonraisc a fuarthas, rud a chuirfeadh feabhas mór ar chumais anailíseacha riarachán cánach na Rómáine. Ina theannta sin, uirlis chumhachtach a bheadh sa ríomhshonrascadh sainordaitheach chun rianú fíor-ama a dhéanamh ar shlabhraí chalaois CBL, rud a chuirfidh ar a gcumas don údarás fioscach gníomhú láithreach chun trádálaithe atá rannpháirteach sna gníomhaíochtaí calaoiseacha sin a shainaithint agus a stopadh.

[1] IO L 347, 11.12.2006, lch. 1.

(5) Measann an Rómáin go rachaidh tabhairt isteach an ríomhshonrasctha shainordaithigh chun tairbhe d'oibreoirí eacnamaíocha freisin trí dhigitiú na bpróiseas agus tríd an ualach riaracháin a laghdú, agus an tráth céanna áiritheofar timpeallacht chothrom iomaíoch idir daoine inchánach. D'eascródh íocaíochtaí níos tapúla, coigilteas costas tarchuir, próiseáil thapa agus shaor sonraí sonraisc agus costais laghdaithe maidir le cartlannú do dhaoine inchánach as digitiú na bpróiseas. Ina theannta sin, mar thoradh ar an gcóras ríomhshonrasctha shainordaithigh a thabhairt isteach, bainfear an oibleagáid atá ann faoi láthair faisnéis faoi sholáthairtí baile a thuairisciú, rud lena laghdófar an t-ualach riaracháin ar oibreoirí eacnamaíocha.

(6) An 8 Nollaig 2022, ghlac an Coimisiún Eorpach togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2006/112/CE a mhéid a bhaineann le rialacha CBL don ré dhigiteach[2]. Leis na leasuithe atá beartaithe leasófar Airteagal 218 agus scriosfar Airteagal 232 de Threoir 2006/112/CE, lena gceadaítear do na Ballstáit ríomhshonrascadh sainordaitheach a chur chun feidhme, rud a chuirfidh deireadh leis an ngá maoluithe breise a iarraidh ar Threoir 2006/112/CE chun na córais sin a chur chun feidhme. Dá bhrí sin, ón dáta a bheidh ar na Ballstáit aon fhorálacha náisiúnta a chur i bhfeidhm a cheanglaítear orthu a ghlacadh i gcás ina nglacfar an treoir sin, ní bheadh aon éifeacht úsáideach a thuilleadh ag an gCinneadh sin. De bhun an togra sin, gan dochar d'fhorálacha idirthréimhseacha áirithe, ní bheidh tarchur ríomhshonrasc faoi réir réamhúdarú ná réamhfhíorú sainordaitheach a bheadh le déanamh ag an údarás fioscach. Tá sé beartaithe ag an Rómáin a cheangal, mar chéad chéim, go ndéanfaidh riarachán cánach cruinneas an tsonraisc a fhíorú sula féidir a mheas go bhfuil an ríomhshonrasc bailí. Mar sin féin, tá an Rómáin leis na hoiriúnuithe is gá a dhéanamh ar an gcóras chun ligean do dhaoine inchánach, faoin 31 Nollaig 2025, na sonraí is gá a sheoladh chuig an riarachán cánach gan an sonrasc a bheith faoi réir fíorú roimh ré. Mar thoradh air sin, is roghnach a bheidh sé go ndéanfaidh an riarachán cánach sonraisc a réamhfhíorú i gcás daoine inchánach.

(7) I bhfianaise raon feidhme leathan agus úrnuacht an bhirt speisialta, tá sé tábhachtach meastóireacht a dhéanamh ar a thionchar ar chalaois agus imghabháil CBL a chomhrac agus ar dhaoine inchánach. Dá bhrí sin, i gcás ina measann an Rómáin gur gá síneadh a chur leis an mbeart speisialta, ba cheart di tuarascáil a chur faoi bhráid an Choimisiúin, mar aon leis an iarraidh ar shíneadh, lena n-áirítear measúnú ar an mbeart speisialta maidir lena éifeachtacht sa chomhrac in aghaidh chalaois agus imghabháil CBL agus ó thaobh bailiú cánach a shimpliú de.

(8) Níor cheart difear a dhéanamh do cheart an chustaiméir sonraisc pháipéir a fháil de thoradh an bhirt speisialta i gcás idirbhearta laistigh den Chomhphobal.

(9) Ba cheart an beart speisialta a bheith teoranta ó thaobh ama ionas gur féidir breithmheas a dhéanamh i dtaobh an bhfuil sé iomchuí éifeachtach i bhfianaise a chuspóirí.

(10) Dá bhrí sin, tá an beart speisialta i gcomhréir leis na cuspóirí atá á saothrú ós rud é go bhfuil teorainn ama agus raon feidhme leis. Ina theannta sin, ní chruthaítear leis an mbeart speisialta an riosca go n-aistreofaí calaois chuig earnálacha eile nó chuig Ballstáit eile.

(11) De thoradh an bhirt speisialta ní dhéanfar dochar do mhéid foriomlán an ioncaim cánach a bhailítear ag céim an tomhaltais chríochnaithigh agus ní bheidh aon drochthionchar aige ar acmhainní dílse an Aontais a fhabhraíonn ó CBL,

[2] COM/2022/701 final.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

De mhaolú ar Airteagal 218 de Threoir 2006/112/CE, tá an Rómáin údaraithe gan glacadh le sonraisc arna n-eisiúint i bhfoirm doiciméad nó teachtaireachtaí ag daoine inchánach atá bunaithe i gcríoch na Rómáine, mura n-aistrítear na doiciméid nó na teachtaireachtaí sin i bhformáid leictreonach.

*Airteagal 2*

De mhaolú ar Airteagal 232 de Threoir 2006/112/CE, údaraítear don Rómáin foráil a dhéanamh nach mbeidh úsáid ríomhshonrasc arna n-eisiúint ag daoine inchánach atá bunaithe i gcríoch na Rómáine faoi réir ghlacadh an fhaighteora atá bunaithe i gcríoch na Rómáine.

*Airteagal 3*

Tabharfaidh an Rómáin fógra don Choimisiún faoi na bearta náisiúnta lena gcuirfear chun feidhme na bearta speisialta le haghaidh maoluithe dá dtagraítear in Airteagail 1 agus 2.

*Airteagal 4*

1. Beidh feidhm ag an gCinneadh seo ón 1 Eanáir 2024 go dtí an dáta is luaithe den dá dháta seo a leanas:

(a) 31 Nollaig 2026;

(b) an dáta óna mbeidh ar na Ballstáit aon fhorálacha náisiúnta a chur i bhfeidhm a cheanglaítear orthu a ghlacadh i gcás ina nglacfar treoir lena leasaítear Treoir 2006/112/CE a mhéid a bhaineann le rialacha CBL don ré dhigiteach, go háirithe Airteagail 218 agus 232 den Treoir sin.

2. Má mheasann an Rómáin gur gá síneadh a chur leis an mbeart speisialta, cuirfidh an Rómáin iarraidh ar shíneadh faoi bhráid an Choimisiúin, mar aon le tuarascáil ina ndéanfar measúnú ar a éifeachtaí a bhí na bearta náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 3 chun calaois agus imghabháil CBL a chomhrac agus chun bailiú cánach a shimpliú. Déanfar meastóireacht sa tuarascáil sin freisin ar thionchar na mbeart sin ar dhaoine inchánach agus go háirithe cé acu a mhéadaíonn nó nach méadaíonn na bearta sin a n-ualach riaracháin agus a gcostais riaracháin.

*Airteagal 5*

Is chuig an Rómáin a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*